Coiste na Gaeilge

Manifesto: Ciara Ní Mhurchú

Is mise Ciara Ní Mhurchú agus ba mhaith liom a bheith i m'ionadaí iarchéime ar choiste na Gaeilge. Is mac léinn PhD mé, déanaim staidéar ar fhilíocht na Gaeilge ón seachtú haois déag. Táim an-tógtha le cúrsaí Gaeilge agus sílim go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh guth láidir ag mic léinn iarchéime i gcúrsaí Gaeilge ar champas. Tá taithí agam ar an gcoiste seo, bhí mé i m'ionadaí air agus mé i mo mhac léinn bunchéime sa bhliain acadúil 20/21. An bhliain sin, chuir mé aighneacht, a bhí scríofa agam in éineacht le baill eile an Chumainn Ghaelaigh, faoi bhráid an choiste don cheathrú scéim teanga. Chomh maith leis sin, chuireamar tús le feachtas, 'Rochtain ar Ghaeilge do chách', agus scríobh mé litir achainí ag lorg rochtain níos fearr ar sheomra na Gaeilge. Anois, agus mé i mo mhac léinn PhD, ba mhaith liom a bheith gníomhach ar an gcoiste arís, ar son na n-iarchéimithe an uair seo. Tá sé tábhachtach go mbeadh guth láidir ag iarchéimithe i gcúrsaí Gaeilge, agus, chomh maith leis sin, chun cúrsaí iarchéimithe go ginearálta a phlé trí Ghaeilge. Bheinn buíoch díot as vóta a chaitheamh ar mo shon. Go raibh maith agaibh.

I'm Ciara Ní Mhurchú and I would like to be the postgraduate representative on the Irish language committee. I am a PhD student studying seventeenth-century Irish language poetry. I'm very passionate about all things Irish and I think it is important that the postgraduate students have a strong voice in Irish language issues on campus. I have experience on the Irish language committee, I was a representative on the committee as an undergraduate in the 20/21 academic year. That year, I made a submission to the committee, which I had written with other members of the Cumann Gaelach, for the college's fourth Irish Language Scheme. That year, we also launched a campaign, 'Access to Gaeilge for everyone', and I wrote a petition letter demanding better access to the Irish language room. Now, as a PhD student, I would like to be active on the committee again, this time on behalf of postgraduates. It's important that postgrads have a strong voice in Irish language matters, and, equally, to represent general postgraduate issues, through Irish. I'd be so grateful if you voted for me.